

Cúltaca an Garda Síochána

# IS POST É GUR FIÚ A DHÉANAMH

## CÉARD É CÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Is comhlacht deonach é Cúltaca an Gharda atá tagtha ón bpobal a bhfuil de chuspóir aige cabhrú leis na Gardaí ina ndualgais éagsúla. Déanann siad tascanna póilíneachta mar a chinneann an Coimisinéir, in éineacht le Gardaí.

## CÉ ATÁ INCHÁILITHE IARRATAS A DHÉANAMH?

Is féidir le comhalta de Chúltaca an Gharda a bheith idir 18-60 bliain d'aois, a bheith de dhea-charachtar, a bheith ina náisiúnach de Bhallstát Eorpach, de Stát LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise, nó a bheith go dleathach sa stát ar feadh cúig bliana.

Tá roinnt riachtanas sláinte agus oideachais riachtanach freisin. airmeacha áirithe neamh-incháilithe chun iarratas a dhéanamh. *Le sonraí iomlána a fháil, tabhair cuairt le do thoil ar www.garda.ie*

## CONAS A DHÉANAIM IARRATAS?

Is féidir leat do spéis a chlárú ag publicjobs.ie chun foláireamh a fháil nuair a fhógraítear an chéad chomórtas eile. Níl le déanamh ach do chuntas a chruthú ar publicjobs.ie agus do spéis a chlárú i gCúltaca an Gharda Síochána chun tús a chur leis an bpróiseas.

### An bhfuil buntáiste ar bith ann domsa a bheith i mo Gharda Chúltaca más mian liom dul isteach sa tseirbhís lánaimseartha?

Cinnte, tá Sruth Cúltaca an Gharda Síochána ann a ligeann do chomhaltaí an Chúltaca iarratas a dhéanamh chun bheith ina nGardaí má chomhlíonann siad critéir áirithe.

### Conas a chuirtear oiliúint ar fáil?

Cuirfear oiliúint ar fáil trí chur chuige cumaisc.
Is gá freastal ar Choláiste an Gharda Síochána, sa Teampall Mór le haghaidh roinnt gnéithe den oiliúint seo chomh maith le foghlaim ar líne agus foghlaim ó thaithí san ionad oibre sna stáisiúin oiliúna sannta.

### An n-íoctar mé?

Tá seirbhís i gCúltaca an Gharda Síochána deonach agus níl aon íocaíocht. Mar sin féin, faoi réir coinníollacha áirithe tá liúntas bliantúil iníoctha ag an gCoimisinéir le comhaltaí de Chúltaca an Gharda Síochána i leith speansais a thabhaítear agus iad i mbun a gcuid dualgas.



### Rátaí

| Uaireanta Críochnaithe | Ráta an Stipinn |
|---|---|
| 50 uair | €500 |
| 100 uair | €1000 |
| 150 uair | €2000 |
| 200 uair nó níos mó | €3000 |

## COMHLÍONANN CÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA DUALGAIS ÉAGSÚLA LENA N-ÁIRÍTEAR

**Rannpháirtíocht sa phobal & sábháilteacht poiblí**
- Póilíniú pobail
- Patróil coise
- Dualgas sa Seomra Cumarsáide / TCI
- Dualgas sa Stáisiún
- Dualgas ag Mórimeachtaí

**Aghaidh a thabhairt ar Choireanna**
- Dualgas slándála seasta
- Ag tabhairt Fianaise sa chúirt
- Toghairmeacha a sheirbheáil

**Póiliniú Bóithre**
- Dualgais seicphointí tráchta bóthair
- Cabhrú le héigeandálaí móra

**Faigh amach conas is féidir le ról mar Chúltaca an Gharda Síochána oiriúint do do shaol agus difríocht a dhéanamh do do phobal. Tabhair cuairt ar garda.ie chun cuid de scéalta ár mball a léamh.**





Scanadh an cód QR le do thoil chun tuilleadh eolais agus sonraí ar chritéir incháilitheachta agus roghnúcháin a fháil, nó tabhair cuairt ar aon cheann díobh seo a leanas:

**www.garda.ie**
**www.publicjobs.ie**